



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2014

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Stair

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

STAIR - ARDLEIBHÉAL

NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA

1. Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála:

Na freagraí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu.

Marcanna a bhronnadh ar na comhpháirteanna éagsúla de réir na scéime aontaithe.

Na marcanna a shuimiú go cúramach agus aird á tabhairt orthu seo:

- (i) an t-uasmharc in aghaidh gach roinne;
- (ii) an t-uasmharc in aghaidh gach ceiste.

2. **Na Comhpháirteanna**

Fíricí

- (i) Sonraí atá i bhfoirm pictiúr a aithint;
- (ii) Fíricí a lua.

Ráiteas Suntasach Ábhartha (RSÁ)

- (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach den topaic;
- (ii) Téarma nó coincheap a bhaineann le hábhar sa topaic a mhíniú;
- (iii) Tuiscint, tagairt, tuairim nó breithiúnas bailí a bhaineann le hábhar sa topaic;
- (iv) A dó nó a trí d'fhíricí a bheith á lua go faichilleach, etc;
- (v) Cúis / toradh atá tábhachtach;
- (vi) Léarscáil / léaráid atá oiriúnach agus a bhaineann le hábhar (b'fhéidir go dtuillfeadh léarscáil nó léaráid níos mó ná RSÁ amháin);
- (vii) Réamhrá a bhfuil ábhar bailí ann.

3. **An Mharcáil**

- (a) Faigheann freagraí:

- (i) Marc Carnach (CM);
- (ii) Ollmharc (OM).

- (b) **An Marc Carnach (CM)**

Tosaigh i dtús an fhreagra agus cuir tic soiléir mar seo (✓) le gach fíric nó RSÁ. Bronn an marc nó na marcanna a aontaíodh sa scéim mharcála as gach aon fhíric nó RSÁ.

(c) **An tOllmharc (OM)**

Agus breithiúnas á thabhairt ar an OM ní mór don scrúdaitheoir caighdeán an fhreagra a chur sa mheá i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Ní mór an marc iomlán a bronnadh don CM agus don OM a thaispeáint ar leithligh,

e.g. $5 + 2 = <7$

(d) Suimigh mar seo na marcanna do gach aon chuid den cheist san imeall ar dheis: taispeáin ceithre mharc mar <4. Ar aghaidh leat ansin agus marcáil an fuílleach. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), san imeall clé in aice le huimhir na ceiste.

(e) Léigh na freagraí go léir, fiú amháin na freagraí breise nó na freagraí a athscríobhadh nó a cuireadh ar ceal. Glactar leis an bhfreagra is airde marc fad is atá an freagra sin laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

NB: Ciallaíonn ‘etc.’ sa Scéim Mharcála go bhféadfadh freagraí eile a bheith inghlactha; sna cásanna eile, is é an freagra a thugtar sa Scéim Mharcála nó a leithéid chéanna i bhfocail eile, agus é sin amháin, a thuilleann na marcanna.

AN TEASTAS SÓISEARACH - STAIR
An tArdleibhéal, 2014: Scéim Mharcála

1. **PICTIÚIR** (15 mharc)
- (a) Na Pictiúir A1 agus A2: *Síol a chur*
- (i) Leathadh an síol go míchothrom/ Síol ar dhromchla na hitreach/ D'ith na héin an-chuid den síol/ Diomailteach/ Obair throm/Am-íditheach/ Bheadh sé iontach doiligh gortghlanadh a dhéanamh.
Píosa **AMHÁIN** fianaise 1M
- (ii) Cuireadh an síol go cothrom/ Cuireadh an síol i sraitheanna díreacha/ Clúdaíodh an síol de réir mar a cuireadh é/ Cosnaíodh an síol ar na héin/ Bheadh sé ní b'fhusa gortghlanadh a dhéanamh/ D'fhág sé obair an fheirmeora ní b'fhusa.
Píosa **AMHÁIN** fianaise 2M
- (iii) Imfháluithe/ Pórúchán roghnaitheach/ An tInneall Bainte Meicniúil, etc.
Feabhas bailí **AMHÁIN** ar bith (modh nó aireagán) 2M
- (b) Pictiúr B: *Póstaer i gcomhair Chumann na mBan*
- (i) Cumann na mBan/ Gluaiseacht na nÓglach/ Rannóg na mBan de Ghluaiseacht na nÓglach/ Óglaigh na hÉireann. 1M
- (ii) Druileáil/Cleachtadh Raidhfil.
Píosa **AMHÁIN** fianaise 2M
- (iii) D'fhonn Rialtas Dúchais a chinntiú/ D'fhonn gníomhú in aghaidh Óglaigh Uladh.
Toisc gur athraigh a n-aidhm ina dhiaidh sin, is féidir glacadh le freagraí amhail 'D'athraigh siad a n-aidhm ina dhiaidh sin chun neamhspleáchas a lorg'.
Aidhm **AMHÁIN** 2M
- (c) Pictiúr C: *Cartún ón 'Dublin Opinion'*
- (i) Ní raibh aon duine ag éisteacht leis/ Ní thaitníonn na foirmeacha nua siamsaíochta leis/ Is mian leis na seanbhealaí a choimeád. 1M
- (ii) 1960idí. 2M
- (iii) Is féidir leo déileáil le saincheisteanna casta i léaráid amháin/ Tá claonadh iontu díriú ar shaincheist thábhachtach nó ar theachtaireacht thábhachtach/ Is féidir leo nithe a chur in iúl i léaráid amháin nach bhféadfaí a chur in iúl gan roinnt mhaith focal a úsáid/ Is féidir leo meon nó tuairimí an phobail tráth ar leith a léiriú.
Cúis **AMHÁIN** 2M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) **Michelangelo.**

- (i) Fiche mí. 1M
- (ii) Thug an Róimh ar fad suntas dó/ tháinig na sluaite chun é a fheiceáil. 1M
- (iii) ‘Ní raibh’ = 1M; Píosa **AMHÁIN** fianaise = 1M.
‘Bhí’ = Nialas, fiú más ceart atá an fhianaise.
Fianaise ina haonar = 1M.
Ba mhian leis go gcuirfeadh Michelangelo maisiúcháin bhreise air/leis (ultramairín agus óir le go mbeadh cuma níos saibhre air).
DHÁ ghné [‘Ní raibh’ agus Píosa fianaise] 1+1 = 2M
- (iv) Deir sé go raibh an méid sin ama caite ag Michelangelo ag féachaint suas go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar radharc na súl aige / Rinne sé an obair ar fad as féin. 2M
- (v) Pictiúr a dhéantar ar bhalla (nó ar shíleáil) agus an plástar fliuch fós. 2M
‘Saothar múrealaíne’ = 1M; ‘modh péintéireachta’ = Nialas.

(b) **Cath na Breataine.**

- (i) Os cionn London/ Londain 1M
- (ii) Heinkel/ Dornier (17). 1M
- (iii) Bhí meas ag an scríbhneoir ar scil an pháilóta Ghearmánaigh/ Ar a ‘chleas éalaithe’ cliste/ Ar leathchasadh Immelmann/ dúirt sé: ‘Caithfidh mé tréaslú leis’.
Píosa **AMHÁIN** fianaise 1M
- (iv) (Is dócha) go raibh ganntanas breosla acu/ (Is dócha) nach raibh ach roinnt bheag dá n-armlón fágtha.
Cúis **AMHÁIN** 2M
- (v) (Winston) Churchill. 2M

3. **CEISTEANNA GEARRFHREAGRA** (20 marc)
Bronn marcanna as na **deich** bhfreagra is fearr thíos. Is fiú 2 mharc an ceann na ceisteanna, ar a mhéad.
- (i) Míniú = 1M; Sampla = 1M.
Míniú: Foinse ón tréimhse chéanna inar tharla an t-imeacht dá dtagraíonn sí.
Sampla: Daonáireamh/ Grianghraf/ Béalaithris/ Nuachtán/ Dialann, etc.
DHÁ ghné [Míniú & Sampla] 1 + 1 = 2M
- (ii) *Ardchros*: Cros (shaorsheasaimh) mhaisithe chloiche / Cros chloiche a úsáideadh chun reiligiún a theagasc.
Cillín: Foirgneamh ciorclach beag ar a raibh díon i gcruith cruinneacháin/ Bothán cloiche ar chónaigh an manach ann.
Cloigtheach: (Foirgneamh ard) a úsáideadh le haghaidh tearmainn nó clogáis nó faire nó le haghaidh nithe luachmhara a stóráil/ Struchtúr ard cloiche/ Struchtúr ciorclach ard.
DHÁ théarma mínithe 1 + 1 = 2M
- (iii) Áirsí rinneacha/ Boghtaí easnacha/ Tacaí crochta, etc.
Gné bhailí **AMHÁIN** ar bith den ailtireacht Ghotach 2M
- (iv) Printíseach/ Saor ar a Phá/ Máistir (ceirde).
DHÁ chéim 1 + 1 = 2M
- (v) Ainm = 1M; Obair = 1M.
Bruegel, El Greco, Durer, etc
Ní mór gur leis an ealaíontóir ainmnithe an saothar. Tabhair ‘TAOBH AMUIGH den Iodáil’ do d’aire.
Teideal an tsaothair amháin = Nialas.
DHÁ ghné [Ainm agus Saothar] 1 + 1 = 2M
- (vi) Teileascóp/ Gluaiseacht na bpláinéad/ Teoiric an luascadáin/ Domhantarraingt/ Imshruthú na fola, etc.
‘An clóphreas’ = Nialas.
DHÁ fhorbairt bhailí ar bith san eolaíocht **nó** sa mhíochaine (i gcúrsaí leighis) 1 + 1 = 2M
- (vii) Ainm = 1M; Pointe creidimh = 1M.
Luther, Calvin, Zwingli, etc
Ní mór gur leis an leasaitheoir an pointe creidimh.
An pointe creidimh amháin = Nialas.
DHÁ ghné [Ainm & pointe creidimh] 1 + 1 = 2M
- (viii) Reiligiúin nua Phrotastúnacha/ Cogaí Reiligiúin/ Náisiúin á sainaitheint de réir éagsúlacht reiligiúnach/ Géarleanúint/ Cogaí Cathartha/ an Frith-Reifirméisean/ Comhairle Trento/ Mí-úsáidí á gcosc san Eaglais, etc.
An Frith-Reifirméisean móide sampla = 2M; Cogadh Cathartha móide sampla = 2M.
DHÁ iarmhairt bhailí ar bith 1 + 1 = 2M

- (ix) Dúchan/ Teip ar an mbarr prátaí/ Bhíothas ag brath an iomarca ar an bpráta/ Theip ar na Briotanaigh freagairt don ghéarchéim go leordhóthanach, etc.
DHÁ chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2M
- (x) Longa (trasatlantacha) ar a bhfuair a lán eisimirceach bás de dheasca ocráis nó galair/ Longa mí-oiriúnacha nó longa a bhí mí-acmhainneach ar muir a seoladh ó Éirinn le heisimircigh.
Sainmhíniú **AMHÁIN** 2M
- (xi) Dúnadh an pharlaimint Éireannach i mBaile Átha Cliath/ Tháinig aontas polaitiúil na Breataine agus na hÉireann aníos/ Bhí ar Theachtaí Parlaiminte Éireannacha freastal ar an bparlaimint in Westminster mar thoradh air/ Laghdaigh an tábhacht a bhain le Baile Átha Cliath, etc.
Athrú bailí **AMHÁIN** ar bith 2M
- (xii) Oidhreacht searbhais/ Damáiste don bhonneagar/ Patrún fadréimhseach pholaitíocht ‘an chogaidh chathartha’/ Cloíodh an dream a bhí in éadan an Chonartha, etc.
DHÁ chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2M
- (xiii) Le cinneadh a dhéanamh ar cén áit go díreach a dtarraingeofaí an teorainn idir an Saorstát agus Tuaisceart Éireann.
‘Le cinneadh a dhéanamh ar cén áit a mbeadh an teorainn’ = 1M 2M
- (xiv) Fine Gael/ Páirtí an Lucht Oibre/ Clann na Poblachta/ Clann na Talmhan/ Páirtí Náisiúnta an Lucht Oibre.
DHÁ pháirtí 1 + 1 = 2M
- (xv) Cuireadh an locht orthu as géilleadh na Gearmáine i mí na Samhna 1918 / D’fhéach roinnt mhaith daoine ar ghéilleadh na Gearmáine mar ghníomh tréasa.
Fáth **AMHÁIN** 2M
- (xvi) Slógaí Nuremberg/ Scannáin faisnéise/ Cluichí Oilimpeacha 1936/ Cultas ceannaireachta Hitler/ Aireacht Bholscaireachta Goebbels/ Rialú an oideachais / Clubanna Óige na Naitsithe, etc.
DHÁ bhealach ar bith inar úsáideadh bolscaireacht 1 + 1 = 2M
- (xvii) Plean a raibh sé mar aidhm aige an pobal Giúdach (san Eoraip) a dhíothú. 2M
- (xviii) Bhunaigh APSS stáit chumannacha in Oirthear na hEorpa/ Ní raibh muinín ag APSS ná ag SAM as a chéile/ Críochdheighilt na Gearmáine/ Eagla roimh an gcumannachas/ Bhí APSS agus an tIarthar amhrasach faoina chéile, etc.
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M
- (xix) B’fhearr na deiseanna fostaíochta a bhí ag Protastúnaigh/ Ba é ba dhóichí go bhfaigheadh Protastúnaigh tithíocht comhairle áitiúla/ Claonroinnt toghlaigh, etc.
DHÁ shampla bhailí ar bith 1 + 1 = 2M
- (xx) Foréigean a bhris amach nuair a rinne Caitlicigh a chónaigh i dTaobh an Bhogaigh iarracht cosc a chur ar na Printísigh máirseáil isteach ina gceantar (i mí Lúnasa 1969)/ Troid (i nDoire) idir náisiúnaithe Thaobh an Bhogaigh agus Constáblacht Ríoga Uladh (agus na Printísigh). Sainmhíniú **AMHÁIN** 2M

4. PEARSANA SA STAIR (40 marc)

Freagair **ceann AMHÁIN** as A agus **ceann AMHÁIN** as B.

Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ (Ráiteas Suntasach Ábhartha).
Gach RSÁ = 2 Mharc. [D'fhéadfaí 1 Mharc a bhronnadh as RSÁ neamhiomlán – ach **ag deireadh an fhreagra amháin**]

Marcanna: Uasmhéid CM = 16 [Treoir Ábhair: $2M \times 8 = 16$] **Uasmhéid OM = 4**

Marcáil OM mar seo:

AN-MHAITH = 4M; MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; LAG = 1M

Bronn 4 OM má tá an freagra an-mhaith - ní gá go mbeadh sé thar barr ar fad.
Bronn 1 OM as an topaic a aithint i gceart.

Mura dtugtar léargas an duine a roghnaítear, ná bronn níos mó ná 1 OM.
Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

Roinn A

Déanann iarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa a ainmníonn tú TAOBH AMUIGH d'Éirinn.**

Éilíonn an cheist gur i sibhialtacht ar leith a chuirtear an duine, bíodh sí ainmnithe nó curtha in iúl.

Áirítear le sibhialtachtaí bailí an tSean-Róimh, an tSean-Ghréig, an tSean-Éigipt, na hIncigh, na hAstacaigh agus na Ceiltigh.

Má roghnaítear na Ceiltigh, ná tabhair creidiúint d'ábhar a bhaineann go sonrach le hÉirinn.

Ná bronn marcanna as Sibhialtacht Ársa a ainmniú.

Liosta bianna = 1 RSÁ ar a mhéad.

An Róimh: 2 RSÁ an ceann ar a mhéad as Folcadáin, Colasaem agus Circus Maximus.

Glactar le halt faoi phearsa stairiúil, e.g. Iúil Caesar.

A (ii) **Duine a chónaigh in Éirinn anallód (réamh-Chríostaí).**

Is féidir leis an iarrthóir aon aois ó Éirinn anallód a roghnú - an Luath-Chlochaois / an Chlochaois Dhéanach / an Chré-umhaois/ an Iarannaois.

Má chuimsíonn an freagra ábhar ó aoiseanna éagsúla, marcáil gach ceann ar leithligh agus tabhair creidiúint don cheann is fearr.

Liosta bianna = 1 RSÁ ar a mhéad.

A (iii) **Úinéir talún dúchasach Éireannach a chaill talamh i bplandáil a ainmníonn tú.**

Éilíonn an cheist seo go gcuirtear an duine i bplandáil ar leith, bíodh sí ainmnithe nó curtha in iúl, ach níor cheart marcanna a bhronnadh as plandáil a ainmniú.

Má thugtar léargas an phlandálaí amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Mura luaitear ainm na plandála, nó más mícheart atá sé, ach baineann an t-ábhar le plandáil ar leith, OM = 3 ar a mhéad.

Contaetha a plandáladh = 1 RSÁ.

Roinn B

Déanann iarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

B (i) **Úinéir monarchan/mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.**

Má thugtar léargas an oibrí monarchan amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Is bailí atá dálaí oibre etc., ar choinníoll go bpléitear iad ó thaobh an úinéara de.

Tuairimí an úinéara faoi gach gné de shaol an oibrí lasmuigh den mhonarcha, e.g. teach, éadach, réim bia, caitheamh aimsire, etc. = 1 RSÁ ar a mhéad.

Gach dáil mhonarchan a luaitear nó a ndéantar cur síos nó forbairt uirthi = 1 RSÁ.

B (ii) **Saighdiúir Gearmánach a ghlac páirt in Oibríocht Barbarossa (ionradh na Rúise, Meitheamh 1941).**

NÓ

Saighdiúir Briotanach nó Meiriceánach a ghlac páirt i dteacht i dtír D-Day (teacht i dtír na gComhghuaillithe sa Fhrainc, Meitheamh 1944).

Caith le sonraí faoin gcogadh go mí an Mheithimh 1941 mar shonraí ‘cúlra’ faoi Oibríocht Barbarossa, i.e., 1 RSÁ, ach ba cheart caitheamh le hullmhúcháin d’ionradh na Rúise mar chuid dhílis den topaic. Má thugtar léargas an tsaighdiúra Rúisigh amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Caith le sonraí faoin gcogadh go dtí an 6 Meitheamh 1944 mar shonraí ‘cúlra’ faoi D-Day, i.e., 1 RSÁ, ach ba cheart caitheamh le hullmhúcháin don teacht i dtír sa Normainn mar chuid dhílis den topaic. Má thugtar léargas an tsaighdiúra Ghearmánaigh amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

B (iii) **Ceannaire polaitíochta, a ainmníonn tú, i bPoblacht na hÉireann le linn na tréimhse 1960-1985**

Ní mór ceannaire ar leith a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm an cheannaire.

Ní mór gur cheannaire rialtais, cheannaire páirtí polaitíochta nó cheann stáit é an duine a roghnaítear.

Glac le ceannaire polaitíochta ar bith sa Phoblacht, a raibh a ghairm ar fad, nó cuid di, ar siúl laistigh de pharaiméadair na tréimhse.

5. GLUAISEACHTAÍ RÉABHLÓIDEACHA (30 marc)

A. Foinse D

- A (i) Aon sórt rialtais a scriosann cearta na ndaoine. 2M
- A (ii) Líon mór de thrúpaí faoi airm a lonnú i Meiriceá/ Trúpaí a chosaint ó phionós de bharr dúnmharúithe a rinne siad/ Trádáil Mheiriceá le gach cuid den domhan a chosc/ Cánacha a ghearradh ar Mheiriceánaigh gan toiliú uathu/ Triail le Giúiré a choinneáil ó Mheiriceánaigh/ Meiriceánaigh a sheoladh thar farraige chun iad a chur faoi thriail maidir le cionta nach bhfuil aon bhunús leo.
DHÁ fhíric 1 + 1 = 2M
- A (iii) Go bhfuil agus gur chóir go mbeadh coilíneachtaí Mheiriceá neamhspleách agus saor (ina stáit neamhspleácha shaora).
D'fhonn marcanna iomlána a fháil, tá na ceithre ghné 'go bhfuil', 'gur cheart go mbeadh', 'saor' agus 'neamhspleách' ag teastáil. 2M
'Go bhfuil coilíneachtaí Mheiriceá saor' = 1M.
'Gur cheart go mbeadh coilíneachtaí Mheiriceá saor agus neamhspleách' = 1M.
- A (iv) Bhí siad ní b'eolaí ar an gcríoch/ Ba mhó a spreagadh ná spreagadh na dtrúpaí Briotanacha/ Bhí a gceannaireacht mhíleata ní ba chumasaí/ Fuair siad tacaíocht ó mhuintir Mheiriceá/ Rófhada ór shiúl ón mbaile a bhí na trúpaí Briotanacha/ Saighdiúirí tuarastail a bhí i roinnt mhaith de na trúpaí Briotanacha, etc.
DHÁ chúis bhailí ar bith 2 + 2 = 4M

B. Foinsí E agus F

- B (i) (Theobald Wolfe) Tone. 2M
- B (ii) Bhí sé ina choinne = 1M; cúis **AMHÁIN** = 1M.
Léiríonn an t-ealaíontóir gur fiáin nó barbartha a bhí na reibiliúnaigh/ Léiríonn sé iad ag marú mná nó daoine gan chosaint/ Léiríonn sé iad ag marú madra.
'Tharraing sé tacaíocht dó' = Nialas, fiú más ceart atá an fhianaise.
Fianaise ina haonar = 1M.
DHÁ ghné [Bhí sé ina choinne & Cúis] 1 + 1 = 2M
- B (iii) Athchóiriú parlaiminte/ Poblacht Éireannach/ Saoirse ó fhorlámhas na Breataine/ Cearta comhionanna do dhaoine beag beann ar reiligiún/ Fuascailt na gCaitliceach.
DHÁ aidhm 2 + 2 = 4M

C.

Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ:

[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]

OM: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

I gcás (a), gach ‘tionchar’ a luaitear (agus a fhorbraítear) go soiléir = 1 RSÁ. Mar shampla,

Chuidigh sé le Réabhlóid na Fraince a spreagadh/ Chuaigh an rud a bhí ar bun ag na Meiriceánaigh i bhfeidhm ar roinnt mhaith saighdiúirí Francacha a throid ar son na Meiriceánach i gCogadh Saoirse Mheiriceá agus chabhraigh siad leis na smaointe sin a leathadh sa Fhrainc tar éis dóibh teacht abhaile/ Ní raibh aon chead cainte ag gnáthmhuintir na Fraince faoin dóigh ar reáchtáladh an tír. Ach thaispeáin na Meiriceánaigh nach raibh ar dhaoine cur suas le bealach chomh héagothrom sin le rudaí a dhéanamh/ An-chostasach a bhí an pháirt a d’imir an Fhrainc i Meiriceá. Bhí deacrachtaí airgeadais ag an tír cheana agus briseadh í an tráth seo/ Mhaígh na Meiriceánaigh go raibh siad i dteideal fáil réidh lena rí toisc nach raibh siad á rialú aige mar ba cheart. Bhí muintir na Fraince míshásta lena rí freisin agus, dá bhféadfadh na Meiriceánaigh a rí a athrú, d’fhéadfadh na Francaigh déanamh amhlaidh/ Chuir na ceannairí Meiriceánacha an-chuid de smaointe Ré na hEagnaíochta chun feidhme. Ba iad scríbhneoirí Francacha ar nós Rousseau agus Voltaire a cheap na smaointe sin ar dtús, áfach. Ba bheag an t-iontas gur fhéach lear maith Francach go héadmhar ar ar bhain na Meiriceánaigh amach agus d’fhéach siad leis an éacht céanna a bhaint amach, etc.

Marcáil (b) Ré an Uafáis mar seo a leanas:

Coiste na Slándála Poiblí a bhunú, cúiseanna agus daoine a bhí páirteach ann = 1 RSÁ ar a mhéad.

Dlí na nAmhrastach/ Íobartaigh = 1 RSÁ ar a mhéad.

Dlí an Uasmhéid/ Rialuithe Praghsanna = 1 RSÁ ar a mhéad.

Vendée = 1 RSÁ ar a mhéad.

Modhanna Básúcháin = 1 RSÁ ar a mhéad.

Deireadh Ré an Uafáis = 1 RSÁ ar a mhéad.

I gcás (c), gach ‘cúis’ a luaitear (agus a fhorbraítear) go soiléir = 1 RSÁ. Mar shampla,

Thug an Ginearál Lake faoi fheachtas uafáis i gCúige Uladh. Rinne a fhórsaí tithe a loscadh, amhrastaigh a chéasadh, méideanna móra arm a urghabháil agus an pobal a sceimhliú. Laghdaigh sé sin tacaíocht do na hÉireannaigh Aontaithe i gCúige Uladh/ An-dochar a rinne spairní do na hÉireannaigh Aontaithe. Dáiríre, spairní iad Thomas Reynolds agus Leonard McNally, beirt de na ceannairí/ Gabhadh roinnt de na ceannairí agus cruinniú ar siúl acu. Goineadh an Tiarna Éadbhard Mac Gearailt, duine eile de na ceannairí, ina dhiaidh sin agus é á ghabháil/ Theip ar chabhlach Francach teacht i dtír i mBeantraí sa bhliain 1796. Tháinig fórsa Francach faoi stiúir Humbert i dtír i gCill Ala ach fuarthas an ceann ab fhearr air freisin. Anuas air sin, gabhadh cabhlach Francach amach ó chósta Dhún na nGall/ B’fhearr na fórsaí a bhí roimh na reibiliúnaigh. Ní amháin go ndeachaigh arm na Breataine ina gcoinne, chuaigh an Mílíste agus an Gíománra Protastúnach ina gcoinne freisin/ Chaill na reibiliúnaigh roinnt mhaith tacaíochta de dheasca maruithe seicteacha i Loch Garman. An ceann ba mheasa de na teagmhais sheicteacha sin ba ea loscadh breis agus 100 dílseoir i scioból i Scolbóg, etc.

Cuntas **AMHÁIN**

10 + 2 = 12M

6A RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA (30 marc)

- (i) Le rialú ar an trádáil spíosraí a fháil/ le saibhreas a ghnóthú/ Lena n-impireachtaí a mhéadú/ Leis an gCríostaíocht a scaipeadh/ Le haghaidh gradam pearsanta, etc.

DHÁ chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2M

- (ii) *Astraláib*: Le cabhrú le suíomh loinge ar muir a aimsiú go cruinn (ó thuaidh nó ó dheas ón meánchiorcal).

Dialann Loinge: Leabhar lena gcuimsítear miontaifead/mionloga ar aistear ar muir.

Téad Luasmheá: (Snámhán atá ceangailte le líne a úsáidtear) le luas loinge nó an fhad a bhí seolta aici a thomhas.

Orláiste: Le ham a thomhas (agus, dá bhrí sin, cuidiú le háireamh an achair a taistealaíodh).

DHÁ ghné 2 + 2 = 4M

- (iii) Seolta laidineacha/ Bád clinse/ D'fhéadfadh sé tornáil (seoladh in aghaidh na gaoithe)/ D'fhéadfadh sé uiscí cósta a loingsiú (mar thoradh ar an gcéile éadomhain)/ Bhí sé ní b'fhusa iad a ionramháil, etc.

DHÁ ghné bhailí ar bith 2 + 2 = 4M

- (iv) Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ: [**Uasmhéid CM = 8M**
Uasmhéid OM = 2M]

OM: 2M= an-mhaith / maith; 1M=measartha / lag; 0 marc = an-lag.

I gcás (c), glac le hiarmhairtí dearfacha agus le hiarmhairtí diúltacha ar na pobail choilínithe agus ar an gcumhacht choilíniúcháin araon.

DHÁ chuntas atá i gceist (8 + 2) x 2 = 20M

6 B ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN AN 20ú hAOIS (30 marc)

- (i) *Agallaimh le daoine aosta*: D'fhéadfadh siad a bheith ábalta cuntais finn é súl ar imeachtaí a chur ar fáil/ Is féidir le staraíthe ceisteanna a chur orthu chun tuilleadh faisnéise a fháil/ B'fhéidir gur mhair siad tríd cuid de na hathruithe atá á bhfiosrú ag an staraí.

Tuairisceáin daonáirimh: Cuireann siad faisnéis ar fáil faoi athruithe daonra le himeacht ama/ Cuimsíonn siad sonraí maidir le saincheisteanna sóisialta amhail tithíocht, an litearthacht, an t-oideachas, póstaí.

Dialanna pearsanta: Is féidir leo faisnéis a chuimsiú faoi nithe amhail feisteas, bia, caitheamh aimsire, cumarsáid, iompar, oideachas/ D'fhéadfadh siad an tionchar a bhí ag eachtraí éagsúla ar shaol na ndaoine a léiriú.

Seanléarscáileanna: Taispeánann siad gnéithe ar nós foirgneamh, bóithre, droichead agus úsáid talún/ Is féidir leo athruithe a tharla le himeacht ama a thaispeáint.

A úsáidí atá **TRÍ** fhoinsé ar bith don staraí sóisialta 2 x 3 = 6M

- (ii) Bronn 1M ar fhorbairt bhailí nó ar mhodh cumarsáide mura bhfuil sé ach luaite go lom, eg: Fóin phóca' nó 'Baintear úsáid as fóin phóca'. Teastaíonn tagairt do athrú sóisialta leis an 1M eile a fháil, eg: 'Is annaimhe anois a úsáidtear línte talún de réir mar a éiríonn an fón póca níos coitianta'.

Samplai eile de freagraí 2M ná: Osclaíodh teilifís RTÉ sa bhliain 1961/ Ó na 1960idí ar aghaidh, rud coitianta i dtithe daoine a bhí i dteileafóin/ Is é facebook an príomh-mhodh cumarsáide a mbaineann lear mór daoine óga úsáid as anois, etc.

NB: Cumarsáid = An tarchur fuaimeanna, íomhánna, teachtaireachtaí agus smaointe; ní ghlactar le hathruithe ar iompar.

TRÍ athrú bhailí ar bith i gcúrsaí cumarsáide ó 1960 i leith $2 \times 3 = 6M$

- (iii) Bronn 1M ar áis nua oideachasúil nó ar athrú polasaí oideachais mura bhfuil sé ach luaite go lom, eg: 'Gaelscoileanna' nó 'Osclaíodh Gaelscoileanna' = 1M; 'Saoroideachas' nó 'Cuireadh ar bun córas saoroideachais' = 1M. Teastaíonn tagairt do athrú sóisialta leis an 1M eile a fháil, eg: 'Déanann neart tusmitheoirí an rogha anois a gcuid gasúr a chur chuig an nGaelscoil' nó 'D'fhág an saoroideachas gur fhreastail i bhfad níos mó daoine ar scoileanna dara leibhéal'.

Samplai eile de freagraí 2M ná: Tá níos mó daltaí ag fanacht ar scoil ar feadh tréimhse níos faide/ Tá cosc curtha ar an bpionós corpartha i ngach scoil/ Scoileanna comhoideachais iad i bhfad níos mó scoileanna, etc.

TRÍ athrú ar bith i gcúrsaí oideachais ó 1960 i leith $2 \times 3 = 6M$

- (iv) Marcáil de réir phrionsabal na RSÁ: **[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]**

OM: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
Tabhair faoi deara: 'Ó 1945 i leith'.

NB: Níor cheart marcanna a bhronnadh ach as athruithe bailí a luaitear go soiléir.

$10 + 2 = 12M$

6 C FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN AN 20^ú hAOIS (30 marc)

- (i) *Doiciméad an Chaisleáin:* Doiciméad (brionnaithe) lenar sonraíodh go raibh sé beartaithe ag an rialtas na hÓglaigh a dhí-armáil agus/nó a gceannairí a ghabháil/ Doiciméad ar bhain an chomhairle mhíleata úsáid as d'fhonn áitiú ar MacNeill ordú a thabhairt do na hÓglaigh dul i mbun troda i 1916.

Comhairle Mhíleata: Grúpa rúnda ar bhunaigh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann é le haghaidh éirí amach a phleanáil.

Íobairt Fola: An creideamh go bhféadfadh na reibiliúnaigh ag fáil bháis ar son na cúise an poblachtachas Éireannach a athbheochan.

Forógra Phoblacht na hÉireann: Doiciméad (ar shínigh an seachtar comhaltaí den chomhairle mhíleata é) lenar fógraíodh gur Poblacht Éireannach neamhspleách a bhí in Éirinn.

'Léigh an Piarsach amach é taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist' = 1M

DHÁ théarma mínithe $2 + 2 = 4M$

- (ii) 1. Lloyd George (tá an dá théarma ag teastáil)
 2. Griffith
 3. shíniú
 4. cogadh
 5. Angla-Éireannach (tá an dá théarma ag teastáil)
 6. Cathartha 1 x 6 = 6M
- (iii) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ: [**Uasmhéid CM = 8M Uasmhéid OM = 2M**]
OM: 2M= an-mhaith / maith; 1M=measartha / lag; 0 marc = an-lag.
DHÁ chuntas i gceist (8 + 2) x 2 = 20M

6 D AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN 20ú hAOIS (30 marc)

- (i) Gur foirm neamhéifeachtach rialtais a bhí sa daonlathas/ Gur cheart tír a bheith rialaithe ag rialtóir láidir nó ag deachtóir/ Náisiúnachas antoisceach/ Frithchumannachas/ Tábhacht na bolscaireachta maidir le tacaíocht do rialtas a choinneáil, Frith-Sheimíteachas, etc.
DHÁ smaoineamh bhailí ar bith a bhain le faisisteachas 2 + 2 = 4M
- (ii) Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ: [**Uasmhéid CM = 8M Uasmhéid OM = 2M**]
OM: 2M= an-mhaith / maith; 1M=measartha / lag; 0 marc = an-lag.
 I gcás (a), Mussolini a theacht chun Cumhachta = 1 RSÁ.
 Cuntas **AMHÁIN** i gceist 8 + 2 = 10M
- (iii) Níorbh fhéidir leis an nGearmáin bheith in ann ag neart míleata comhcheangailte na gComhghuaillithe/ D'fhéadfadh Meiriceá méideanna móra d'ábhair chogaidh a tháirgeadh do na Comhghuaillithe mar thoradh ar a shaibhreas agus ar a thionsclaíocht/ Ghlac Hitler an iomarca air féin nuair a d'ionsaigh sé APSS agus a arm ag troid san Iarthar go fóill, etc.
DHÁ chúis bhailí ar bith ar buadh ar an nGearmáin 2 + 2 = 4M
- (iv) Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ: [**Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M**]
OM: 2M= an-mhaith / maith; 1M=measartha / lag; 0 marc = an-lag.
- (a) An Cogadh Fuar
Imshuí Bheirlín: Caith le hábhar go dtí gur roinneadh Beirlín ina ceithre chríos, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar 'cúlra', i.e., 1 RSÁ ar a mhéad.
Cogadh na Cóiré: Caith le hábhar go dtí gur roinneadh an Chóiré sa bhliain 1945, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar 'cúlra', i.e., 1 RSÁ ar a mhéad.
Géarchéim Diúracán Chúba: Caith le hábhar go hIonradh Bhá na Muc sa bhliain 1961, agus é san áireamh, mar ábhar 'cúlra', i.e., 1 RSÁ ar a mhéad.
- (b) Aontas na hEorpa
 Caith le himeachtaí roimh an mbliain 1945 mar ábhar 'cúlra', i.e., 1 RSÁ ar a mhéad.
- (c) Náisiúnachas Afracach/Áiseach
 Caith le himeachtaí roimh an mbliain 1945 mar ábhar 'cúlra', i.e., 1 RSÁ ar a mhéad.
 Cuntas **AMHÁIN** i gceist 10 + 2 = 12M